
# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

## Beannachtaí na Nollag ó Fhoireann Chonamara Láir




Is deacair é a chreidiúint go bhfuil an Nollaig buailte linn arís! Ciallaíonn sé sin go bhfuil an nuachtlitir seo beagnach trí bliana ar an bhfód. Ar ndóigh, is nuachtlitir pobail í seo agus caithfidh muid buíochas a ghlacadh le gach duine, coiste, eagraíocht, club agus daltaí scoile san áireamh, a sheol ailt, scéalta agus fógraí chugainn i rith na bliana. Ar ndóigh, buíochas libhse, a léitheoirí, a thugann tacaíocht agus aiseolas dearfach dúinn i gcónaí.

Tá ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir a fhógairt go bhfuil Féilire Chonamara Láir 2024, atá lán le pictiúir a léiríonn áilleacht an cheantair, eolas faoi luibheanna agus a leigheas agus seanfhocail éagsúla, le fáil anois agus is féidir ceann a phiocadh suas sna siopaí áitiúla.

Ba mhaith linn buíochais ó chroí a glacadh le Coiste Stiúrtha Phleanáil Teanga Chonamara Láir, an ceanneagraíocht, Forbairt Chonamara Láir Teo., Údarás na Gaeltachta agus leis An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Spóirt agus Meán. Is mian linn, chomh maith, buíochas a ghlacadh le pobal Chonamara Láir, a thugann tacaíocht agus cúnamh dúinn, a ghlacann páirt in imeachtaí agus comórtais agus a sheol pictiúir den cheantar chugainn le haghaidh an fhéilire seo. Tá buíochas tuillte chomh maith ag Mairéad Ní Cheannabháin a rinne an profáil dúinn, Simon Boyle a bhí i mbun moltóireachta ar an gComórtas Grianghrafadóireachta, Mary Uí Fhlatharta a thug roinnt eolais dúinn, agus, ar ndóigh, G Chló a thugann tacaíocht leanúnach dúinn ní amháin chun an féilire a chur i gcló, ach an nuachtlitir mhíosúil seo agus foilseacháin eile chomh maith.

*Guíonn foireann Chonamara Láir Nollaig Shona agus athbhliain faoi shéan agus faoi mhaise oraibh ar fad.*
*Go mbeirimid beo ar an am seo arís.*

## Ceardlann Ceardaíochta na Nollag 2023

*Bhí áthas ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir ceardlann ceardaíochta a reáchtáil don dara bliain as a chéile i gcomhar le Cian Bairéad an 12 Nollag sa gCrannóg i Ros Muc.*
*Bhí oíche álainn againn agus muid ag réiteach lárphíosaí Nollag agus ag ithe sólaistí milse.*
*Míle buíochas le Cian Bairéad, na rannpháirtithe ar fad agus coiste na Crannóige.*





## *Seoladh Plean Gníomhaíochta Chonamara Láir*

Sheol Rónán Mac Con Iomaire, Stiúrthóir Forbartha Réigiúnaí, Pobail & Pleanála Teanga, Plean Gníomhaíochta Chonamara Láir 2023-2028 go hoifigiúil an 11 Nollaig i gColáiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh.

Thug Máirín Ní Choisdealbha-Seoige, Oifigeach Forbartha Forbairt Chonamara Láir Teo., achoimre ghairid ar a bhfuil sa phlean don chúig bliana atá amach romhainn. Ba é aidhm FCL Teo., ná go mbeadh úinéireacht ag pobal Chonamara Láir ar an bplean agus go mbeadh FCL Teo., mar chomhordaitheoirí ar chur i bhfeidhm an phlean. Eagraíodh sé chruinniú poiblí i mí na Samhna 2022 chun tuairimí agus moltaí an phobail a bhailiú.




Dúirt Máirín ag an seoladh ''Is é ár dtaithí agus ár dtuairim go gcabhraíonn sé seo le cuimsiú iomlán pobail i bhforbairt an cheantair. Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine''.

Cuireann FCL Teo. fáilte roimh an bpobal teagmháil a dhéanamh leo má bhíonn aon cheist acu maidir leis an bplean ag fclteo@conamaralair.ie.

Caithfear buíochas mór a ghlacadh le:

- Tom Ó hAllmhuráin a bhí ina Fhear an Tí
- Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir
- Coiste Choláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh
- Tigh Mheaic as na sólaistí
- Gach duine a thug tacaíocht an ócáid a eagrú agus a thug cúnamh ar an oíche

Agus ar ndóigh buíochas le chuile duine ón bpobal a tháinig amach chuig an seoladh.

## *Seoladh leabhair 'Máistir Leoin ag Taisteal'*

An bhfuil tú ar thóir leabhar mar bhronntanais Nollag do dhalta óg? Pioc suas cóip den leabhar 'Máistir Leoin ag Taisteal' a scríobh Eithne Nic Dhonnchadha lena gariníon Róisín as Cill Chiaráin. Leanann an scéal an Máistir Leoin agus an cailín beag, Róisín, agus iad ag taisteal timpeall na hÉireann i mionbhus agus iad ag foghlaim eolas spéisiúil agus an miotais faoi na háiteanna a dtugann siad cuairt orthu. Is scéal iontach, cruthaitheach agus oideachasúil é seo a thugann spreagadh don léitheoir foghlaim faoi stair, tíreolaíocht, miotaseolaíocht agus cultúr an cheantair agus na hÉireann.

Bhí lúcháir ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir tacaíocht a thabhairt don ócáid a bhí ar siúl in Ionad na nImirceach an 11 Nollaig chun an leabhar a sheoladh. Ba ócáid speisialta a bhí ann. Thug Eithne eolas faoi chúlra an leabhair, léigh Tanty (Pádraig) Mac Donnacha píosaí ón scéal, sheol Rónán Mac con Iomaire an leabhar go hoifigiúil agus ansin bhí taispeántas bríomhar ceoil ó Chomhaltas Charna agus ceoltóirí áitiúla.




Comhghairdeas mór le Eithne, Róisín, na healaíontóirí agus gach duine a thug cúnamh dóibh an leabhar a chur le chéile.

# Foireann Díospóireachta Choláiste na bPiarsach

Is muide foireann díospóireachta Choláiste na bPiarsach i Ros Muc. Tá an grúpa s'againne (foireann sóisearach) i mbun cúrsaí díospóireachta anois le trí bliana anuas agus caithfimid a rá go bhfuil an-suim againn ann. Cabhraíonn an díospóireacht linn ár gcuid scileanna taighde, cur i láthair agus scileanna foirne a fhorbairt trí mheán na Gaeilge.
Bíonn an-obair ag baint leis an díospóireacht a chur le chéile ón nóiméad a fhaigheann muid an rún. Caitheann muid oícheanta fada ag déanamh taighde ar ábhar an rúin ar dtús agus ansin scríobhann muid an chéad dréacht amach. Go hiondúil, bíonn orainn gearradh siar a dhéanamh ar an ábhar taighde mar nach mbíonn deis againn gach rud a lua sa trí nóiméad cainte agus ceartúcháin a dhéanamh dá réir.
Déanann muid ár bpointí éagsúla a chur ar chártaí agus cleachtann muid iad lá agus oíche ina dhiaidh sin.
I mbliana, d'éirigh linn dul chuig na craobhacha réigiúnacha de chuid Dhíospóireacht Ghael Linn ach bíonn iomaíocht ghéar ag an leibhéal sin agus faraor níor éirigh linn dul níos faide ná sin. Ach mura ndeachaigh féin, bhí ár gcuid comhscoláirí in éineacht linn in Óstán Pháirc Chaladh an Treoigh i Luimneach, san áit a raibh an comórtas ar siúl le tacaíocht a thabhairt ar an oíche.
Ba é an rún a bhí idir lámh againn ná 'Tá ár gcuid luachanna caillte againn mar shochaí' agus bhí ár bhfoireann i bhfabhar an rúin áirithe seo'.
Ar ndóigh, ba éacht ann féin a bhí ann dul chomh fada leis na craobhacha agus táimid an-bhródúil mar scoil a bheith i lár an aonaigh ag imeachtaí den sórt seo.
Beidh lá eile ag an bPaorach le cúnamh Dé!




*Captaen na foirne, Liam Ó Mainín, Bláithín Ní Mhainín & Molly Ní Chaonaigh.*




*An fhoireann leis an múinteoir ranga, Cáit Uí Fhátharta*



## Laochra Teanga mhí na Samhna

Comhghairdeas mór le Ciara Ní Mhaoilchiaráin atá sa séú bliain agus Liam Ó Madaoin atá sa tríú bliain, daltaí i Scoil Phobail Mhic Dara, as a bheith ainmnithe mar laochra teanga do mhí na Samhna. Tá an scéim seo á mhaoiniú ag Pleanáil Teanga Chonamara Láir chun tacú leis an scoil aitheantas a thabhairt do dhaltaí a bhfuil an Ghaeilge á gcur chun cinn acu.

## Gradam na Gaeltachta 2023




Ba mhaith le foireann Chonamara Láir comhghairdeas a dhéanamh le foireann Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, Carna, a fuair Gradam Togra Diaspóra na Gaeltachta ag ócáid bhronnta Ghradaim na Gaeltachta. Bronnadh an gradam orthu as a dtogra a dhíríonn go fuinniúil ar an gceangal idir an Ghaeltacht agus an dream a d'imigh. Deir Údarás na Gaeltachta 'Tá siad ag neartú an cheangail idir phobal na Gaeltachta agus sliocht na mílte daoine a thug a n-aghaidh ar Mheiriceá, ar an Astráil, ar an Bhreatain agus áiteanna eile nárbh iad'.
I láthair ag an ócáid, bhí ionadaithe ó Chlub Mara Chonamara Láir. Bhí siad ar an ngearrliosta don ghradam agus caithfear comhghairdeas a dhéanamh leis an gclub as dul chomh fada agus a chuaigh agus an obair iontach atá ar siúl acu chun cúrsaí agus imeachtaí mara a chur chun cinn do phobal Chonamara Láir.

## Cuairt ar Naíonraí

***Thug foireann Phleanáil Teanga Chonamara Láir cuairt ar naíonraí Chonamara Láir le gairid chun bronntanas beag na Nollag a thabhairt do na páistí óga. Bhí sceitimíní orthu meascán de leabhair Gaeilge agus leabhair dathúcháin a fháil! Féach ar an ngrianghraf ar dheis de pháistí ó Naíonra Shraith Salach agus iad ag baint úsáid as na leabhair dathúcháin sa rang!***
***Buíochas le foireann na naíonraí agus na páistí a bhí chomh fáilteach. Guímid Nollaig mhór mhaith orthu ar fad.***



## Crainnte Nollaig Charna



***Crainnte Nollag Charna 8' ar airde***
***Obair Chniotáilte agus Chróiseála***

Tagann an grúpa thuas le chéile in Áras Shorcha Ní Ghuairim chuile maidin Chéadaoin ó mí Mheán Fómhar go mí Aibreán ag cniotáil agus ag cróiseáil. Bíonn píosaí comhrá acu chomh maith le cupán tae.
Is é an togra a leag muid amach dúinn féin i mbliana ná rud éigin a chruthú don Nollaig agus do mhuintir na háite.
Ba chúis iontais do chuile dhuine go raibh muid le haghaidh píosaí cniotáilte agus cróiseáilte a chuir timpeall ar fhráma i gcruth crann Nollag!
Agus ba chúis iontais dúinn féin gur éirigh linn an dóthain píosaí a dhéanamh le haghaidh dhá chrann a chlúdach.
Thóg chaon crann 100 uair a chloig agus tá muid thar a bheith sásta le toradh ár saothair.
Tá na crainnte le feiceáil i gCógaslann Agatha agus i dTeach Ghlinsce.
Tá súil againn go dtaitníonn siad libh.
Guíonn muid Nollaig mhór mhaith oraibh go léir
-Grúpa Coiste Aos Oideachais Iorras Aithneach

## Ceardlann Folláine Pobail

Bhí an chéad Cheardlann Folláine Pobail ar siúl an 12 Nollaig 2023 ar an Sraith Salach, mar thoradh ar bhunú Chomhaontas Meabhairshláinte Chonamara & na nOileán.
Bhí freastal maith ar an gceardlann seo le rannpháirtithe ó gach paróiste i gConamara.
Chuir SOS (Suicide or Survive) www.suicideorsurvive.ie nó1890 577 577 an Ceardlann ar fáil i gcomhar le FSS www.yourmentalhealth.ie
Bhí deis ag na rannpháirtithe go léir labhairt go hoscailte agus scileanna pearsanta a fhoghlaim a chuirfidh ar a gcumas oibriú ina saol agus ina bpobail.
Má tá suim ag duine ar bith i gceardlanna amach anseo nó deis chun níos mó scileanna a fháil i réimse na Tacaíochtaí Meabhairshláinte, is féidir tuilleadh sonraí a fháil trí ríomhphost a sheoladh chuig: aine@mentalhealthireland.ie.

## Cinema Gaelach

**Cuireadh tús le Séasúr na Nollag anseo i gConamara Láir nuair a d'fhreastail suas le leathchéad duine ar an scannán cáiliúil 'An Polar Express' in Ionad na nImirceach i gCarna. Bhí ríméad ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir tacú le Tuismitheoirí na Gaeltachta an deis seo a thabhairt do theaghlaigh áitiúla an scannán seo fheiceáil go háitiúil ina dteanga dúchais féin. Bhí chuile ghasúr breá sona sásta agus a mála popcorn agus uisce acu le linn an scannáin.**





*Comghairdeas mór le Conor Cadhain as a bheith áirithe sa 'Top 20 European Dynamic CEOs of 2023'*




# MÁLAÍ CAIRDEAS




Arís, i bliana, bhí 'elves' Chonamara Láir dearg-ghnóthach an Nollaig seo agus iad a réiteach málaí cúraim le tabhairt amach d'úsáideoirí na seirbhíse CAIRDEAS agus rannpháirtithe na ranganna agus clubanna ionchuimsiú sóisialta. Istigh sna málaí bhí bunearraí baile ar nós málaí tae, leite, subh, cácaí, brioscaí, siúcra agus coinneal dearg don Nollaig. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh leis na seachadóirí ar fad a thug cúnamh ar an lá agus na siopaí áitiúla a d'ordaigh isteach na hearraí dúinn.
Buíochas freisin le hurraitheoirí na bliana seo – Pleanáil Teanga Chonamara Láir agus Sceirde Rocks/CORIO Generation.
Creidimid go bhfuil sé tábhachtach tacaíocht a thabhairt do ghnóthaí agus seirbhísí an cheantair agus siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil. Ar scáth a chéile a mhaireann an pobal agus go mbeirimid slán an Nollaig seo.








Bhí an t-ádh ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir go raibh Paddy Ó Fiannachta againn mar aoichainteoir ag na hócáidí 'Dúlra agus Flóra Chonamara' le gairid anuas. Tá Paddy ina chónaí i nGleann Trasna agus is fear suimiúil agus cineálta é atá tiomanta agus paiseanta faoina chuid oibre agus chun beacha dúchasacha na hÉireann a chosaint. Beidh an clár, arna léiriú ag Aniar, le feiceáil ar TG4 an 30 Nollaig ag an 9:20 agus táimid ag súil go mór leis.



# Coirnéal Chomhrá




**Aoí na Míosa:** *Norita Ní Chartúir*
*Léachtóir le Craoltóireacht agus Iriseoireacht Raidió in Aonad na Cumarsáide in Ollscoil na Gaillimhe*

**1.Aon ainm eile a bhfuil aithne ag daoine ort?**
Norita Mhaidhc Sheoirse, nó iníon Threasa Mhaitiú, Maidhc a bhí ar m'athair agus Seoirse ar mo dheaideó, Treasa Mhaitiú, Maitiú a bhí ar athair mo mhama, agus ó am go chéile bheadh an dá leagan sin ag daoine chun a dhéanamh amach cé leis mé.

**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Cinn Mhara, Camus

**4.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Tá mé ag teagasc trí Ghaeilge, chabhraigh an teanga liom i gcónaí dul chun cinn i mo chuid oibre.

**5.An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** I nGaeilge uilig a bhíonn mo chuid léachtaí san ollscoil.

**6.Céard é an béile is fearr leat?** Béile na Nollag.

**7.Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Diabhal ceann a thagann chun cuimhne

**8.Céard é an boladh is fearr leat?** Boladh ón rós fiáin sa ngarraí

**9.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Heartbeat, Endeavour

**10.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Is maith liom cártaí a imirt, cúig fichead go háirithe ach ní fhaighim an deis iad a imirt níos mó.

**12.An tsaoire is mó a bhfuil cuimhní agat uirthi & cén fáth?** Chaith mé blianta ag dul chun na Túinéise tar éis na Nollag. Chuaigh go leor dá gcuid nósanna i bhfeidhm orm agus bhíodh an-chraic againn le muintir na háite.

**13.Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** Chuile shagas dá bhfuil ann, bím ag breathnú ar chinn éagsúla, fíor scéalta, faoin ngrá agus má tá scéal láidir ann beidh mé ag faire air go dtí deireadh an scannáin.

**14.Dá mbeadh tú chun leabhar a cheannach – cén sórt leabhar a cheannófa?** Leabhair atá scríofa i nGaeilge . Arís bím ag léamh go leor agus is maith liom na húrscéala atá bunaithe ar an bhfíorscéal.

**15.An noiméad den lá is fearr leat?** Dul faoi na gréine, an oíche ina mbíonn an Ghealach lán.

**16.An t-am den bhliain is fearr leat?** An Nollaig

**17.Aon chomhairle a cuireadh ort?** Ná déan nós agus ná bris nós.



## Comórtas Grianghrafadóireachta

Comhghairdeas mór le Mary Uí Fhlatharta a bhuaigh comórtas mhí na Nollag. Nach álainn an pictiúir é? Ar ndóigh, is siombail chlúiteach na Nollag í an spideog bhroinndearg.
Ba mhaith linn buíochas mór a ghlacadh le gach duine a sheol grianghraf chugainn i rith na bliana. Táimid ag súil go mór le tús a chur le Comórtas Grianghrafadóireachta 2024!

## Logainm na Míosa:

**Ceapach Chúis:**

Talamh curaíochta na pluaise

Eolas bailithe ó 'LOGAINMEACHA AGUS GEOLAÍOCHTA SA RÉIGIÚN DHÚICHE SHEOIGHEACH AGUS LOCHANNA AN IARTHAIR'

## Seanfhocal na Míosa:

'Níor dhún Dia riamh doras nár oscail Sé ceann eile'

---

**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta:** Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.